

MÁM TUIRC

An Bealach Siar 's Aniar

Tháinig turc aniar agus thug sé trí léim nuair a tháinig sé go barr an chnuic agus ghearr sé an talamh roimhe. Tá na trí thulach agus na trí log le feiceál ag fear ar bith a theigheas an bealach ins an áit a a dtugann siad Mám Tuirc air idir Gleann Glas agus Gleann Creamh. Sin é an t-ughdar a bhí le Mám Turc a thabhairt ar Mhám Tuirc.

Bhí bealach a dhul siar is aniar ann sul a raibh bóthar sa tír. Bhí an cosán anuas tríd Gleann Glas, aniar tríd an gCorr soir agus amach Mám Cloch a' Luain. Sin é an sean-Mhám. Sé an bealach eolais a bhí aca clocha a bheith ina seasamh ar thaobh an chosáin. Bhíodh an clocha bána i bhfad ó chéile. Bhí an cosán a dhul soir Dubhachta Bhaile an Tobair agus treasna Bhaile an Dubhloch agus síos an Cualann, baile ar chúlaibh na Fáirche. Tá cuid de na clocha bána le feiceál fós sa nGleann Glas. Ní cár ná gléas iomchuir ag imtheacht san am ach capall diallaide. Chuirfeadh fear srathar ar chapall. Bhuaileadh sé siar Mám Tuirc go dtí an Cloigeann. Thugadh sé ualach sgadán aniar leis ar a chapall go ndíol sé ar an achréidh iad. Chonaic m'athair 's mo mháthair iad.